CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1160 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Bealtaine 2023

maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal *Introducerea efectivă a noțiunii de precedent judiciar în statele UE* [Coincheap an fhasaigh bhreithiúnaigh a chur chun feidhme go héifeachtach i dtíortha an Aontais Eorpaigh] de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2023) 3632)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal *Introducerea efectivă a noțiunii de precedent judiciar în statele UE* [Coincheap an fhasaigh bhreithiúnaigh a chur chun feidhme go héifeachtach i dtíortha an Aontais Eorpaigh], cuireadh iarraidh ar a chlárú faoi bhráid an Choimisiúin an 4 Bealtaine 2023.

(2) An tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal 'Coincheap an fhasaigh bhreithiúnaigh a chur chun feidhme go héifeachtach i dtíortha uile an Aontais Eorpaigh', cuireadh iarraidh ar a chlárú faoi bhráid an Choimisiúin an 14 Feabhra 2023, agus tagann an iarraidh seo sna sála ar an iarraidh sin.

(3) Maidir leis an iarraidh ar chlárú a cuireadh isteach an 14 Feabhra 2023, chuir an Coimisiún in iúl don ghrúpa d'eagraithe, trí litir dar dáta an 8 Márta 2023 (C(2023) 1602 final), agus i gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2019/788, gur comhlíonadh na ceanglais maidir le clárú a leagtar amach in Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointí (a), (d) agus (e), den Rialachán sin agus nach raibh Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointe (b) de infheidhme. Mar sin féin, mhínigh an Coimisiún freisin nár chomhlíon an tionscnamh an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/788 toisc nár thug Airteagal 81 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ar ar bhunaigh na heagraithe a dtionscnamh, bunús dlí don ghníomh dlí a moladh leis an tionscnamh, ós rud é go bhfuil an fhoráil sin teoranta d'ábhair a bhfuil impleachtaí trasteorann acu. Chomh maith leis sin, ní fhéadfadh Airteagal 82 CFAE bunús dlí a thabhairt don ghníomh dlí arna mholadh ag an tionscnamh toisc gur follas go raibh cuspóir an tionscnaimh lasmuigh de raon feidhme na gceithre réimse a leagtar amach in Airteagal 82(1), pointí (a) go (d), CFAE. Thairis sin, níor tháinig an tionscnamh faoi aon cheann de na trí réimse a leagtar amach in Airteagal 82(2), pointí (a) go (c), CFAE ná níor bhain sé le 'sainghné eile den nós imeachta coiriúil' dá dtagraítear in Airteagal 82(2), pointe (d), CFAE. Chuir an Coimisiún in iúl do na heagraithe freisin nach raibh Airteagal 65 CFAE, dá dtagraítear sa tionscnamh, ábhartha sa chomhthéacs seo agus nár tugadh inniúlacht don Choimisiún le hAirteagal 20 agus Airteagal 45 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh gníomh dlí a mholadh. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl do na heagraithe de bhun Airteagal 6(4), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2019/788 go bhféadfaidís an tionscnamh a leasú chun measúnú an Choimisiúin a chur san áireamh, nó an tionscnamh tosaigh a choimeád ar bun, nó a tharraingt siar, i gcomhréir le hAirteagal 6(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2019/788.

(4) An 4 Bealtaine 2023, chuir an grúpa d'eagraithe an tionscnamh isteach arís.

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 55.

(5) Is iad cuspóirí an tionscnaimh, mar a chuir na heagraithe in iúl iad, go dtabharfaí isteach 'sásra ar an leibhéal náisiúnta lena ráthaítear aitheantas frithpháirteach do chinntí breithiúnacha críochnaitheacha arna nglacadh ag na cúirteanna' i mBallstáit eile agus 'maidir leis an rogha fasaigh bhreithiúnacha náisiúnta arna gcinneadh ag cúirteanna na tíre i gceist a agairt'. Bheadh feidhm ag an sásra atá beartaithe ar choinníoll: '(a) go raibh deis ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) na forálacha is infheidhme de dhlí an Aontais Eorpaigh a léirmhíniú' agus '(b) go mbaineann an cás atá i gceist le ceisteanna dlíthiúla comhchosúla nó comhionanna'. Measann na heagraithe gur cheart an 'sásra sin a bheith ar fáil iarbhír do dhlíthithe, rud a chuirfeadh ar a gcumas a iarraidh go n- aithneofaí cinneadh eile atá ábhartha dá gcás ag céim ar bith de na himeachtaí. Thairis sin, ba cheart méid áirithe solúbthachta a áirithiú i bhfianaise an chlásail '*rebus sic stantibus*', rud a d'fhágfadh go bhféadfaí an cásdlí a athrú más amhlaidh go raibh athrú tagtha ar imthosca bunúsacha áirithe.' Ina theannta sin, measann na heagraithe gur cheart 'oibleagáid pionóis éifeachtacha athchomhairleacha chomhréireacha a fhorchur i gcásanna nach gcloítear leis an sásra' a bheith ar na Ballstáit.

(6) In iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh, tugtar tuilleadh sonraí ar ábhar, ar chuspóirí agus ar chúlra an tionscnaimh. Luaitear ann gur chinn 'CBAE agus institiúidí an Aontais arís agus arís eile gur gnách le cúirteanna i roinnt Ballstát dlí an Aontais a chur i bhfeidhm gan cur chuige aonfhoirmeach agus comhleanúnach a áirithiú' agus, leis sin, 'go mbaintear an bonn do chomhionannas na mBallstát os comhair na gconarthaí' agus 'go gcruthaítear dá thoradh sin idirdhealú féideartha idir dlíthithe sna Ballstáit agus go gcruthaítear éiginnteachtaí suntasacha maidir leis an gcaoi a ndéantar comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta'. Agus Airteagal 4(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach á lua, mínítear san iarscríbhinn go bhfuil sé d'aidhm ag an tionscnamh 'cleachtas breithiúnach aonfhoirmeach a chomhdhlúthú i measc na mBallstát, agus cultúir agus traidisiúin bhreithiúnacha éagsúla a urramú ag an am céanna'. Luaitear ann freisin go bhfuil an togra 'comhréireach agus riachtanach chun cosaint an smachta reachta a áirithiú agus chun cur chun feidhme aonfhoirmeach dhlí an Aontais a choinneáil ar bun ós rud é go gcaomhnaítear traidisiúin bhreithiúnacha agus uathriail nós imeachta gach Ballstáit trí shásra a thugann aitheantas do chinntí breithiúnacha níos luaithe'. Ina theannta sin, ba cheart daoine aonair a bheith in ann 'sásra a agairt chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí nach bhfuil i gcomhréir le fasaigh bhreithiúnacha a bhaineann le cásanna comhchosúla nó comhionanna.' Sa chomhthéacs seo, luaitear san iarscríbhinn gur cheart go gceanglófaí ar na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme cuí an tsásra ag cúirteanna náisiúnta, 'rud a chiallódh go bhféadfaí na Ballstáit a chur faoi dhliteanas i leith sáruithe ar oibleagáidí faoi dhlí an Aontais i gcomhréir le cásdlí socraithe CBAE'.

(7) Tuigeann an Coimisiún go bhfuil sé d'aidhm ag an tionscnamh leasaithe sásra a thabhairt isteach lena n- áiritheofar aitheantas frithpháirteach do chinntí breithiúnacha críochnaitheacha arna ndéanamh ag na cúirteanna i mBallstáit eile agus lena n-áiritheofar go mbeifear ag brath ar fhasaigh bhreithiúnacha náisiúnta arna gcinneadh ag cúirteanna an Stáit lena mbaineann. Bheadh feidhm ag an sásra sin ach trí chritéar charnacha a bheith comhlíonta: (i) gur chuir an cinneadh breithiúnach críochnaitheach forálacha de chuid dhlí an Aontais i bhfeidhm; (ii) go bhfuil léirmhíniú déanta cheana féin ag CBAE ar na forálacha ábhartha céanna de dhlí an Aontais agus (iii) go bhfuil an cás lena mbaineann faoi réir ag pointí dlí comhchosúla nó comhionanna.

(8) Foráiltear le hAirteagal 81(1) CFAE go bhfuil an tAontas le forbairt a dhéanamh ar an gcomhar breithiúnach sna hábhair shibhialta a bhfuil impleachtaí trasteorann acu, de réir phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais agus do chinntí i gcásanna seachbhreithiúnacha. Féadfar a áireamh sa chomhar sin bearta chun dlíthe agus rialacháin na mBallstát a chomhfhogasú. Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 81(2), pointe (a), CFAE, go nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle bearta, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, go háirithe nuair is gá sin d'oibriú rianúil an mhargaidh inmheánaigh, arb é is aidhm dóibh a áirithiú go ndéanfar breithiúnais agus cinntí i gcásanna seachbhreithiúnacha a aithint go frithpháirteach agus a fhorfheidhmiú idir Bhallstáit.

(9) Ar an gcaoi chéanna, foráiltear le hAirteagal 82(1) CFAE a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla go mbeidh an comhar sin bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha agus go gcuimseofaí leis comhfhogasú dhlíthe agus rialacháin na mBallstát sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 82(2) agus in Airteagal 83 CFAE. De bhun Airteagal 82(1), an dara fomhír, pointe (a), CFAE, tá Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle le bearta a ghlacadh d'fhonn rialacha agus nósanna imeachta a leagan síos chun a áirithiú go dtabharfar aitheantas do bhreithiúnais agus do chinntí breithiúnacha de gach cineál ar fud an Aontais.

(10) Ós rud é gurb é is aidhm don tionscnamh coincheap an aitheantais fhrithpháirtigh a thabhairt isteach i gcásanna ina gceanglaítear forálacha de dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm faoi réir coinníollacha áirithe, measann an Coimisiún go dtagann cuspóir an tionscnaimh faoi raon feidhme Airteagal 81 agus Airteagal 82 CFAE.

(11) Ar an gcúis sin, níl aon chuid den tionscnamh ann ar follas nach dtagann sí faoi chumhachtaí an Choimisiúin togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(12) Is conclúid é sin atá gan dochar don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha fíorasacha agus substainteacha is gá le go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht le cearta bunúsacha.

(13) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa d'eagraithe go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788 agus gur i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin atá na teagmhálaithe ainmnithe aige.

(14) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(15) Dá bhrí sin ba cheart an tionscnamh dar teideal *Introducerea efectivă a noțiunii de precedent judiciar în statele UE* [Coincheap an fhasaigh bhreithiúnaigh a chur chun feidhme go héifeachtach i dtíortha an Aontais Eorpaigh] a chlárú.

(16) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní rud í a thugann le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar bhealach ar bith go bhfuil ábhar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is é an grúpa d'eagraithe an tionscnaimh amháin atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann ábhar an tionscnaimh ach tuairimí an ghrúpa d'eagraithe in iúl, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal *Introducerea efectivă a noțiunii de precedent judiciar în statele UE* [Coincheap an fhasaigh bhreithiúnaigh a chur chun feidhme go héifeachtach i dtíortha an Aontais Eorpaigh] a chlárú.

Airteagal 2

Tá an cinneadh seo dírithe ar an ngrúpa d'eagraithe an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal *Introducerea efectivă a noțiunii de precedent judiciar în statele UE* [Coincheap an fhasaigh bhreithiúnaigh a chur chun feidhme go héifeachtach i dtíortha an Aontais Eorpaigh], grúpa a bhfuil Marius PITIGOI agus Mihaela-Roxana GODINAC ag gníomhú mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Věra JOUROVÁ
Leas-Uachtarán